



An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2022  
(OR. en)

13054/22

JAI 1257  
VISA 151  
MIGR 284  
COEST 701

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó: Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir

dáta a fuarthas: 30 Meán Fómhair 2022

chuig: Ardrúnaíocht na Comhairle

---

Uimh. an doic. roimhe 12351/22  
seo:

---

Ábhar: TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

1. lena nuashonraítear treoirlínte maidir le heisiúint ghinearálta víosaí i ndáil le hiarratasóirí Rúiseacha tar éis Chinneadh (AE) 2022/1500 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na Rúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na Rúise a chur ar fionraí go hiomlán; agus
2. lena soláthraítear treoirlínte maidir le rialuithe a dhéantar ar shaoránaigh Rúiseacha ag na teorainneacha seachtracha

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 7111.

Faoi iamh: C(2022) 7111



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 30.9.2022  
C(2022) 7111 final

### **TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**

- 1.lena nuashonraítear treoirlínte maidir le heisiúint ghinearálta víosaí i ndáil le hiarratasóirí Rúiseacha tar éis Chinneadh (AE) 2022/1500 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na Rúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na Rúise a chur ar fionraí go hiomlán; agus**
- 2.lena soláthraítear treoirlínte maidir le rialuithe a dhéantar ar shaoránaigh Rúiseacha ag na teorainneacha seachtracha**

## TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

- 1. lena nuashonraítear treoirlínte maidir le heisiúint ghinearálta víosaí i ndáil le hiarratasóirí Rúiseacha tar éis Chinneadh (AE) 2022/1500 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na Rúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na Rúise a chur ar fionraí go hiomlán; agus**
- 2. lena soláthraítear treoirlínte maidir le rialuithe a dhéantar ar shaoránaigh Rúiseacha ag na teorainneacha seachtracha**

1. An 9 Meán Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na Rúise maidir le heisiúint víosaí a éascú do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na Rúise (an ‘Comhaontú’) a chur ar fionraí go hiomlán<sup>1</sup>. Tháinig an Cinneadh ón gComhairle i bhfeidhm an dara lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus tar éis fógra a thabhairt do Chónaidhm na Rúise. Cuireadh an Cinneadh sin in ionad Chinneadh (AE) 2022/333 ón gComhairle.
2. Leis an gCinneadh ón gComhairle, cuirtear cur i bhfeidhm fhorálacha uile an Chomhaontaithe ar fionraí a mhéid a bhaineann le saoránaigh Chónaidhm na Rúise. Ní bheidh feidhm ag éascú víosaí do shaoránaigh Rúiseacha go dtí go gcuirfear deireadh leis an bhfionraí. Dá bhrí sin, beidh feidhm ag rialacha ginearálta an Chóid Víosaí<sup>2</sup> mar réamhshocrú maidir le náisiúnaigh Rúiseacha a dhéanann iarratas ar víosaí gearrfhanachta.
3. Tá comhaontuithe déthaobhacha um eisiúint víosaí a éascú i bhfeidhm le Cónaidhm na Rúise ag an Danmhairg agus ag na Tíortha atá Comhlachaithe le Schengen – an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin – ar comhaontuithe iad a dhéanann macasamhlú ar an gComhaontú um Eisiúint Víosaí a Éascú. Tar éis an Chinnidh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Eisiúint Víosaí a Éascú a chur ar fionraí go hiomlán, meastar go gcuirfidh na Tíortha Comhlachaithe a gcomhaontuithe déthaobhacha ar fionraí de réir a nósanna imeachta náisiúnta féin. I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/1500 ón gComhairle, an Comhaontú déthaobhach idir Rialtas Ríocht na Danmhairge agus Rialtas Chónaidhm na Rúise maidir le heisiúint víosaí a éascú, chuir an Danmhairg cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin ar fionraí go hiomlán, ar Comhaontú é a tháinig i bhfeidhm an 16 Meán Fómhair 2022.
4. Ina theannta sin, i bhfianaise an chomhthéacs an-sonrach ina bhfuil consalachtaí na mBallstát ag obair agus an comhthéacs foriomlán á chur san áireamh a bhaineann leis an bhfogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, agus an gá atá le cur chuige comhchuibhithe a chur chun cinn maidir le scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar víosaí i gCónaidhm na Rúise chomh maith le réitigh choiteanna laistigh de limistéar Schengen, is iomchuí agus is gá treoraíocht a chur ar fáil do na Ballstáit maidir leis na nósanna imeachta agus na coinníollacha chun víosaí a eisiúint d’iarratasóirí Rúiseacha. Tá na treoirlínte sin ríthábhachtach chun comhleanúnachas, soiléireacht agus trédhearcacht a áirithiú sa nós imeachta maidir le víosaí a bhaineann le saoránaigh de Chónaidhm na Rúise in aon chonsalacht ar leith.

---

<sup>1</sup> An Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na Rúise maidir le heisiúint víosaí a éascú do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na Rúise (IO L 129, 17.5.2007).

<sup>2</sup> Rialachán (CE) 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

5. Tá impleachtaí forleathana ag cogadh foghach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cogadh atá gan chúis gan údar, lena n-áirítear na rioscaí agus na bagairtí a dhul in olcas, rioscaí agus bagairtí a bhaineann leis an tslándáil agus an ord poiblí agus atá le sárú ag an Aontas. Tá dúshlán níos mó fós roimh na Ballstáit cuspóir na gcuairteanna turasoíreachta a fhíorú i gcomparáid le cineálacha eile taistil (e.g. cuairteanna teaghlaigh), lena n-áirítear i gcás ina bhfuil roinnt Ballstát ag dul i ngleic le laghdú suntasach ar a n-acmhainneacht consalachta tar éis d'údarais na Rúise an iomad comhaltaí d'fhoireann taidhleoireachta agus chonsalachta na mBallstát a dhíbirt. Ina theannta sin, is inchreidte an riosca fós go bhféadfadh daoine a mhaíonn go bhfuil siad ag taisteal chun críoch turasoíreachta bolscaireacht a scaipeadh lena dtabharfaí tacaíocht do chogadh foghach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, nó go bhféadfaidís dul i mbun gníomhaíochtaí treascracha eile chun aimhleasa an Aontais. Ba cheart an deis a bheith ag iarratasóirí Rúiseacha ar víosaí atá ag taisteal chun críoch bunriachtanach, go háirithe baill teaghlaigh saoránach den Aontas, easaontaigh, iriseoirí neamhspleácha, ionadaithe na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine, rochtain a fháil ar an Aontas. Dá bhrí sin, i gcomhthéacs an Comhaontú um Eisiúint Víosaí a Éascú a chur ar fionraí go hiomlán, molann an Coimisiún do na Ballstáit an méid seo a leanas a chur san áireamh agus scrúdú á dhéanamh acu ar iarratais ar víosaí gearrfhanachta ó náisiúnaigh Rúiseacha.
6. Mar thoradh ar an ngéarú ar an gcogadh a rinne ceannaireacht na Rúise le déanaí, lena n-áirítear trí shlógadh míleata agus 'reifrinne' bhréige i gcodanna de chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil chun a n-ionghabháil neamhdhleathach ag Chónaidhm na Rúise a ullmhú, agus mar thoradh ar bhagairtí contúirteacha airm ollscriosta a úsáid lena n-áirítear airm núicléacha, tá méadú suntasach tagtha ar theacht isteach saoránach Rúiseach chuig teorainneacha seachtracha an Aontais, mar aon le hiarratais ar víosaí agus fiosrúcháin ina leith sin sna Ballstáit.
7. Tar éis ordú an tslógaidh, d'fhéadfadh líon suntasach de coinscríofaigh agus dá dteaghlaigh cinneadh a dhéanamh teitheadh ó Chónaidhm na Rúise chuig an Aontas. Ní féidir a chur as an áireamh gur bagairt do bheartas poiblí, slándáil inmheánach nó caidreamh idirnáisiúnta Ballstáit ar leith nó an Aontais ina iomláine iad saoránaigh Rúiseacha atá ag iarraidh an slógadh a sheachaint agus teacht isteach san Aontas. Ba cheart do na Ballstáit iarratais ar víosaí a thaisceann na saoránaigh Rúiseacha sin a scrúdú ar bhonn cás ar chás agus ba cheart rialuithe a dhéanamh ar shaoránaigh Rúiseacha ag teorainneacha seachtracha an Aontais agus aird ar leith á tabhairt ar na rioscaí slándála do na Ballstáit agus don Aontas, agus ba cheart an cur chun feidhme sin a dhéanamh ar bhealach comhordaithe.
8. Chuige sin, ní mór grinnscrúdú méadaithe a dhéanamh nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar iarratais ar víosaí a dhéanann saoránaigh Rúiseacha chomh maith le seiceálacha thar a bheith críochnúil ag teorainneacha seachtracha an Aontais. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a chur i bhfios go ráthaítear le seiceálacha críochnúla láidre comhordaithe ag teorainneacha seachtracha an Aontais ní hamháin slándáil an Bhallstáit lena mbaineann ach sláine limistéar Schengen ina iomláine freisin. Is réamhchoinníoll iad teorainneacha seachtracha slána d'fheidhmiú an limistéir gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, mar a leag an Coimisiún béim air go háirithe i Straitéis Schengen<sup>3</sup>. Chomh maith leis sin, sa chomhthéacs reatha, ba cheart a chur i bhfios go láidir nach mór athbhunú seiceálacha teorann ag teorainneacha inmheánacha a bheith ina rogha dheiridh. Meabhraítear do na Ballstáit, laistigh de limistéar Schengen, gur cheart tús áite a thabhairt do bhearta malartacha ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, amhail comhar treisithe póilíneachta.

---

<sup>3</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, 'Straitéis i dtreo limistéar Schengen atá lánfheidhmiúil agus athléimneach', COM(2021)277 final, 2.6.2021.

9. Meabhraítear go n-eisítear víosaí Schengen le haghaidh gearrfhanachtaí 90 lá laistigh d’aon tréimhse 180 lá agus, dá bhrí sin, nach réiteach fadtéarmach iad do shaoránaigh Rúiseacha atá ag iarraidh an slógadh a sheachaint trí theitheadh óna dtír féin. Tá an méid sin gan dochar do cheart na ndaoine sin cosaint idirnáisiúnta a lorg faoi reachtaíocht tearmainn an Aontais nó don fhéidearthacht iarratas a dhéanamh ar víosaí fadfhanachta náisiúnta nó ar cheadanna cónaithe náisiúnta
10. Sna treoirlínte athbhreithnithe sin, féachtar ar na féidearthachtaí atá ann faoi Rialachán 810/2009 (‘an Cód Víosaí’)<sup>4</sup> agus Rialachán (AE) 2016/399 (‘Cód Teorainneacha Schengen’)<sup>5</sup> d’fhonn a áirithiú go ndéanfaidh consalachtaí agus údaráis teorann na mBallstát an grinnscrúdú slándála is airde is féidir agus iad i mbun measúnuithe aonair a dhéanamh ar iarratais ar víosaí agus rialuithe a dhéanamh ar shaoránaigh Rúiseacha ag teorainneacha seachtracha an Aontais.
11. Tá na treoirlínte sin gan dochar don chreat dlíthiúil is infheidhme i réimse an tearmainn, lena n-áirítear an ceart chun tearmainn agus prionsabal an *non-refoulement* agus an fhéidearthacht atá ag na Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar éilimh ar thearmann i nós imeachta brostaithe agus/nó déanta ag an teorainn nó i gcriosanna idirthurais, i gcomhréir le hAirteagal 31(8)j agus Airteagal 43 de Threoir 2013/32/AE<sup>6</sup>.
12. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú leanúnach ar chur chun feidhme na dtreoirlínte sin, chun tacú le mearghníomhaíochtaí comhordaithe ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile atá ag teacht chun cinn. Tuairisceoidh an Coimisiún chun na críche sin faoi chuimsiú IPCR (socruithe comhtháite an Aontais maidir le freagairt pholaitiúil ar ghéarchéimeanna) agus baileoidh sé an fhaisnéis is gá tríd an Líonra AE um Ullmhacht agus um Bainistiú Géarchéimeanna i ndáil leis an Imirce.

---

<sup>4</sup> Rialachán (CE) 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

<sup>5</sup> Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

<sup>6</sup> Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (athmhúnlaithé) (IO L 180, 29.6.2013, lch. 60).

## **I. Treoirínte nuashonraithe maidir le heisiúint ghinearálta víosaí i ndáil le hiarratasóirí Rúiseacha**

13. Ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt chun a áirithiú go ndéanfar rialacha inniúlachta Airteagal 5 agus 6 den Chód Víosaí a scrúdú agus a chur i bhfeidhm i gceart maidir le gach iarratas ar víosa, chun siopadóireacht víosa idir consalachtaí éagsúla a sheachaint. Tá treoraíocht maidir leis an mBallstát inniúil a chinneadh i gCuid II, Caibidil 1 de Lámhleabhar I an Chóid Víosaí<sup>7</sup>. I gcás nach bhfuil an Ballstát a fuair an t-iarratas inniúil chun déileáil leis, ba cheart an t-iarratas iomlán agus na doiciméid tacaíochta uile a chur ar ais agus an táille víosa a aisíoc. Ba cheart an t-iarratasóir a atreorú chuig consalacht an Bhallstáit inniúil.

### **a) An Ballstát inniúil agus inniúlacht chríochach chonsalach maidir le hiarratais ar víosaí a scrúdú**

14. De bhun Airteagal 6 den Chód Víosaí, níor cheart ach consalacht an Bhallstáit inniúil, ar ina dháil atá cónaí ar an iarratasóir go dleathach, na hiarratais a scrúdú. Tar éis ordú an tslogaidh mhíleata a rinne an tUachtarán Putin, theith líon suntasach de choinscríofaigh Rúiseacha chuig tíortha comharsanachta agus chuig tíortha eile agus é mar aidhm acu an slógadh in arm na Rúise a sheachaint. Meastar go forleathan leis go mbeidh go leor daoine ag iarraidh víosaí Schengen a fháil d'fhonn leanúint dá n-aistear laistigh den Aontas. Níor cheart do na Ballstáit glacadh le hiarratais ar víosaí ó shaoránaigh de Chónaidhm na Rúise atá i dtríú tír, amhail an tSeoirsia, an Airméin, an Chasacstáin, an tSeirbia, an Tuirc nó Aontas na nÉimíriochtaí Arabacha etc. díreach le haghaidh gearrghanachta nó chun críoch idirthurais. Ba cheart na hiarratasóirí sin a threorú chuig an gconsalacht atá inniúil maidir lena n-áit chónaithe, i gCónaidhm na Rúise de ghnáth. Féadfar eisceachtaí a dhéanamh ar bhonn Airteagal 6(2) den Chód Víosaí agus ar bhonn na treoraíochta atá i Lámhleabhar I an Chóid Víosaí, Cuid II, roinn 1.8, go háirithe i gcásanna cruatain agus ar chúiseanna daonchairdiúla (cuairteanna teaghlaigh de thoradh tinneas tromchúiseach gan choinne a bheith ar gharghaol atá ina chónaí san Aontas, easaontaigh, cosantóirí chearta an duine). Sna cásanna sin, ba cheart do chonsalachtaí scrúdú a dhéanamh freisin an bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir ar víosa fanacht 90 lá ar a mhéad in aon tréimhse 180 lá i limistéar Schengen. Más fanacht níos faide atá beartaithe, mar is dócha i gcás daoine atá ag teitheadh ón slógadh míleata, ba cheart caitheamh leis an gcás faoi na rialacha is infheidhme maidir le víosaí fadghanachta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do chonsalachtaí a chur san áireamh an ráthaítear an chosaint ar *refoulement* sa tríú tír ina ndéantar an t-iarratas ar víosa a thaisceadh.

### **b) Gnéithe nós imeachta chun iarratas ar víosa a thaisceadh sa Rúis sa staid reatha**

Tá laghdú suntasach ar acmhainneacht na mBallstát déileáil le hiarratais ar víosaí gearrghanachta arna gcur isteach ag náisiúnaigh Rúiseacha tar éis d'údaráis na Rúise an iomad comhaltaí d'fhoireann taidhleoireachta agus chonsalachta na mBallstát a dhíbirt. Ina theannta sin, is gá a áirithiú go ndéanfar grinnscrúdú níos doimhne i leith náisiúnaigh na Rúise nó catagóirí áirithe díobh de thoradh chomhthéacs foriomlán chogadh foghach na Rúise (gníomhaíocht mhíleata mhéadaithe Chónaidhm na Rúise, an bholscaireacht, rioscaí méadaithe don tslándáil agus d'ord poiblí na mBallstát). Mar gheall ar an staid sin, d'fhéadfadh sé gur ghá

---

<sup>7</sup> Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 395 ón gCoimisiún an 28.1.2020 lena leasaítear Cinneadh C(2010) 1620 final ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le hionadú a dhéanamh ar an Lámhleabhar chun iarratais ar víosaí a phróiseáil agus chun víosaí a eisíodh a mhodhnú (Lámhleabhar I an Chóid Víosaí).

do na Ballstáit a nósanna imeachta a oiriúnú, gan dochar do scrúdú cuí ar gach iarratas aonair a áirithiú. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

*(i) Tosaíochtaí a bhunú agus coinní á sannadh chun iarratais a thaisceadh*

15. Foráiltear le hAirteagal 9(2) den Chód Víosáí go bhféadfaidh na Ballstáit a cheangal ar iarratasóirí coinne a iarraidh. De ghnáth, beidh an coinne ann laistigh de 2 sheachtain ón uair a iarraidh é. I láthair na huaire, d'fhéadfadh sé a bheith an-deacair do na Ballstáit an méid sin a áirithiú mar gheall ar an nganntanas foirne i bhformhór chonsalachtaí na mBallstát.
16. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart do na Ballstáit, agus coinní á sannadh acu, tosaíocht níos ísle a thabhairt d'iarratasóirí nach bhfuil cúis bhunriachtanach acu le taisteal.

*(ii) An tréimhse inar gá cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar víosa*

17. Mar gheall ar an staid i láthair na huaire, is gá grinnscrúdú críochnúil a dhéanamh ar gach iarratas ó náisiúnaigh Rúiseacha. Measann an Coimisiún gur cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint, i gcás inar gá, as an bhféidearthacht síneadh 45 lá a chur leis an tréimhse chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar víosa, i gcomhréir le hAirteagal 23(2) den Chód Víosáí.
18. Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir freisin, maidir le síneadh a chur leis an tréimhse ama chun cinneadh a dhéanamh faoi iarratais i leith catagóirí áirithe d'iarratasóirí, i.e. iad siúd nach bhfuil cúis bhunriachtanach acu le taisteal, cuir i gcás iad siúd a dhéanann iarratas ar víosa chun críche turasóireachta nó iad siúd nach bhfuil a dtaisteal práinneach, go bhféadfaí cinntí a dhéanamh freisin laistigh de thréimhse ama níos giorra dóibh siúd a bhfuil atá ag iarraidh taisteal mar gheall ar chuspóir bunriachtanach nó ar féidir leo cás éigeandála a bhfuil údar maith leis a agairt mar a cheanglaítear le hAirteagal 23(2a) den Chód Víosáí.

*(iii) Doiciméid tacaíochta bhreise a iarraidh nó teorainn a chur leis na cineálacha doiciméad a nglactar leo mar dhoiciméad tacaíochta chun críoch an iarratais ar víosa*

19. D'ainneoin liosta comhchuibhithe na ndoiciméad tacaíochta atá le tabhairt i láthair ag iarratasóirí i gCónaidhm na Rúise (Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 6.6.2016 [C(2016)3347 final]) agus go dtí an uair a leasófar an liosta sin, bheadh údar cuí leis an staid i láthair na huaire go n-iarrafadh consalachtaí na mBallstát doiciméid bhreise le linn scrúdú a dhéanamh ar iarratas maidir le catagóirí áirithe de náisiúnaigh Rúiseacha, chun ardleibhéal grinnscrúdaithe a áirithiú, go háirithe a mhéid a bhaineann le bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don tslándáil, don bheartas poiblí, don ord poiblí agus don chaidreamh idirnáisiúnta.
20. Má tá amhras réasúnach ann faoi bharántúlacht na ndoiciméad tacaíochta a thíolacfaidh an t-iarratasóir nó faoi fhírinneacht an inneachair atá iontu nó faoi iontaofacht na ráiteas a dhéanfaidh an t-iarratasóir, go háirithe maidir le cuspóir a thurais, ní mór iarratas den sórt sin a dhiúltú i gcomhréir le hAirteagal 32(1)(b) den Chód Víosáí, agus a chlárú in VIS i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán maidir leis an gCóras Faisnéise Víosáí (VIS)<sup>8</sup>, lena n-áiríteofar go bhfuil taifead buan air sin le feiceáil ag gach consalacht de réir mar a dhéantar, de ghnáth, i leith gach víosa a dhiúltú.

<sup>8</sup> Rialachán (AE) 2021/1133 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, (AE) 2016/794, (AE) 2018/1862, (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise AE eile chun críocha an Chórais Faisnéise Víosáí (IO L 248, 13.7.2021, lch. 1).

21. Ina theannta sin, má dhiúltaítear iarratas ar bhonn Airteagal 32(1)(b) den Chód Víosáí mar gheall ar amhras réasúnach faoi chuspóir an taistil agus faoi na doiciméid tacaíochta nó na ráitis a rinne an t-iarratasóir (e.g. a mhaíomh gur mac léinn é nó go bhfuil sé ag dul chuig sochraid ach gurb amhlaidh gur chun críche turasóireachta atá sé ag taisteal nó ag seachaint coinscríobh míleata), agus más rud é go gceadaíonn é sin le dlíthe na mBallstát, d'fhéadfadh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar thoirmeasc ar dhul isteach a eisiúint agus fógra foláirimh a chur isteach i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006<sup>9</sup> ('Rialachán SIS II') chun cead dul isteach agus fanachta a dhiúltú.

*(iv) Réamhchomhairliúchán de bhun Airteagal 22 den Chód Víosáí*

22. D'fhéadfadh na Ballstáit, ar fhorais bagairtí don bheartas poiblí, don tslándáil inmheánach nó don chaidreamh idirnáisiúnta, a iarraidh go rachfaí i gcomhairle leo maidir le víosaí a eisiúint do náisiúnaigh Rúiseacha nó do chatagóirí áirithe díobh agus, i gcásanna aonair, d'fhéadfaidís agóid a dhéanamh i gcoinne víosa a eisiúint a bheadh bailí do limistéar Schengen ina iomláine. Sa chás sin, i gcomhréir le hAirteagal 25(1)(a)(ii) den Chód Víosáí, maidir leis an mBallstát lenar taisceadh an t-iarratas, má chinneann sé víosa a eisiúint fós, ní mór an víosa sin a bheith ina víosa ag a bhfuil bailíocht chríochach theoranta (atá bailí do chríoch an Bhallstáit eisiúna nó, go heisceachtúil, do chríocha roinnt Ballstát faoi réir a dtoilithe).

23. Aon Bhallstát atá ag iarraidh go rachfaí i gcomhairle leis, ní mór dó fógra a thabhairt don Choimisiún dá réir sin de bhun Airteagal 22(3) den Chód Víosáí.

**c) Measúnú ar iarratais ar víosaí arna dtaisceadh ag saoránaigh de Chónaidhm na Rúise nó sa Rúis**

Tá sé tábhachtach na heilimintí seo a leanas atá san áireamh cheana i dtreoirlínte C(2022)3084 a glacadh an 5 Bealtaine 2022 agus C(2022) 6596 an 9 Meán Fómhair 2022 a mheabhú:

24. I bhfianaise na staide eacnamaíche agus polaitiúla atá ann faoi láthair i gCónaidhm na Rúise, go háirithe i ndiaidh gluaiseachtaí amach nach beag mar thoradh ar ordú an tslógaidh mhíleata a thug an tUachtarán Putin, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar an measúnú a dhéantar chun a fháil amach an riosca do shlándáil na mBallstát é an t-iarratasóir agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíontar na coinníollacha iontrála, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Chód Víosáí agus an treoraíocht atá i Lámhleabhar I an Chóid Víosáí, Cuid II, Caibidil 6. Go háirithe, ba cheart na heilimintí seo a leanas a mheas:

i. Árachas liachta taistil: Is í an chonsalacht atá freagrach as a chinneadh an bhfuil an t-árachas a thugann an t-iarratasóir i láthair leordhóthanach i gcomhréir le hAirteagal 15 den Chód Víosáí. Tarraingítear aird ar fhorálacha Airteagal 15(5), lena gceanglaítear ar chonsalachtaí a fháil amach an mbeadh éilimh i gcoinne na cuideachta árachais inghnóthaithe i mBallstát. I gcás polasaithe arna n-eisiúint ag árachóirí Rúiseacha, d'fhéadfaí a mheas nach leor an t-árachas sin mar gheall ar bhearta sriantacha an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar iarratasóirí polasaithe árachais

---

<sup>9</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 381, 28.12.2006, lch. 4).

liachta taistil arna n-eisiúint ag árachóirí lasmuigh de Chónaidhm na Rúise a thabhairt i láthair.

- ii. Déanamh amach an gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha iontrála agus an féidir a bheith ag súil leis go ndéanfaidh sé amhlaidh le linn thréimhse iomlán na tréimhse bailíochta atá beartaithe don víosa: an éagobhsaíocht eacnamaíoch, na bearta sriantacha agus na forbairtí polaitiúla i gCónaidhm na Rúise, d'fhéadfaidís an dóchúlacht a mhéadú nach gcomhlíonadh iarratasóirí coinníollacha iontrála a thuilleadh le himeacht ama. I gcásanna den sórt sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar víosaí a bhfuil bailíocht níos giorra acu agus/nó víosaí dul isteach aonuaire a eisiúint in ionad víosaí dul isteach iolrach. Tarraingítear aird ar Airteagal 24(2a) den Chód Víosa, lena bhforáiltear go bhféadfar tréimhse bhailíochta na víosa a eisíodh a ghiorrú ar bhonn cás ar chás, nuair atá amhras réasúnta ann nach gcomhlíonfar na coinníollacha iontrála le linn na tréimhse ina hiomláine. Mar gheall ar an meath atá ag teacht ar na dálaí, ba cheart do na Ballstáit staonadh ó víosaí dul isteach iolrach a bhfuil bailíocht fhada acu a eisiúint toisc nach bhfuil sé cinnte an leanfadh saoránaigh Rúiseacha de na coinníollacha iontrála a chomhlíonadh, go háirithe nuair is é an turasóireacht cuspóir sonraithe an turais.
- iii. Measúnú a dhéanamh ar rún an iarratasóra críoch na mBallstát a fhágáil sula rachaidh an víosa a mbeidh iarratas á dhéanamh uirthi in éag, mar a leagtar síos in Airteagal 21(1) den Chód Víosaí, gan dochar don fhéidearthacht víosa a eisiúint a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aici ar chúiseanna daonchairdiúla: d'fhéadfadh an staid reatha i gCónaidhm na Rúise cur leis an dóchúlacht go bhfanfadh iarratasóirí rófhada san Aontas. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás na saoránach Rúiseach sin atá ag iarraidh ordú an tslógaidh mhíleata a sheachaint agus fágáil lena dteaghlaigh. I gcásanna ina bhfuil amhras ann faoin rún críoch na mBallstát a fhágáil, ba cheart an víosa a dhiúltú. Tá dóthain solúbthachta sa Chód Víosaí chun ligean do na Ballstáit freastal ar chásanna ar leith agus maolú ar fhorais dhaonchairdiúla ó chuid de na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh chun víosa ghearrfhanachta a dheonú (e.g., ar mhaithe le heasaontaigh, iriseoirí neamhspleácha, cosantóirí chearta an duine nó catagóirí leochaileacha eile). Ba cheart do na Ballstáit an tsolúbthacht sin a fheidhmiú agus lánaird á tabhairt acu ar an ngá atá le slándáil a choinneáil agus ba cheart dóibh a mheas go cúramach an bhfuil údar le maoluithe toisc gur cheart iad a choimeád i gcónaí i gcásanna eisceachtúla. Níor cheart a mheas gur cúis leordhóthanach é fógra coinscríofa nó liostála agus agóid choinsiasach amháin chun víosaí a eisiúint ar chúiseanna daonchairdiúla. Ní mór víosa a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aici a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 25 den Chód Víosaí aon uair nach gcomhlíontar cuid de na coinníollacha chun víosa ghearrfhanachta a dheonú (atá bailí do chríoch an Bhallstáit eisiúna nó, go heisceachtúil, do chríocha roinnt Ballstát faoi réir a dtoilithe).
- iv. **Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil cóir mhaireachtála leordhóthanach ag an iarratasóir:** Beifear ag súil leis nach mbeidh iarratasóirí a bhfuil cónaí orthu i gCónaidhm na Rúise in ann cártaí creidmheasa nó cártaí íocaíochta idirnáisiúnta a úsáid a thuilleadh agus iad ag taisteal san Aontas. Mar sin, tá amhras ann go mbeidh cóir mhaireachtála leordhóthanach acu, go háirithe agus a gcuid sócmhainní i gcuntais banc nó cuntais eintiteas eile atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais.
- v. **Agus measúnú á dhéanamh acu ar iarratas ar víosa,** ba cheart do na consalachtaí a chur san áireamh an bhfuil baint ag na hiarratasóirí le daoine nó le heintitis atá faoi réir bearta sriantacha de chuid an Aontais i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine

chríochach, do cheannasacht agus do neamhspleáchas na hÚcráine<sup>10</sup> nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin<sup>11</sup>, nó an bhfuil na hiarratasóirí faoi rialú ag na daoine sin nó ag na heintitis sin, nó an bhféadfaidh na hiarratasóirí tacaíocht ábhartha nó neamhábharta a thabhairt do na daoine sin nó do na heintitis sin. Más amhlaidh atá, ba cheart a mheas ar chóir an víosa a dhiúltú ar bhonn Airteagal 32(1)(a)(vi) den Chód Víosáí. I gcásanna amhrais, is uirlis í an Léarscáil de Smachtbhannaí an Aontais<sup>12</sup> ar féidir treoraíocht a fháil inti maidir leis an liosta iomlán daoine agus eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha de chuid an Aontais.

25. Mar aon leis na heilimintí thuasluaite agus mar gheall ar an timpeallacht slándála dhúshlánach i gCónaidhm na Rúise agus an méadú ar an líon Rúiseach atá ag iarraidh teacht isteach san AE tar éis ord an tslógaidh mhíleata a bheith tugtha, ba cheart do chonsalachtaí na mBallstát na heilimintí seo a leanas a mheas agus scrúdú á dhéanamh acu ar iarratais arna gcur isteach ag saoránaigh Rúiseacha.
26. **Tá sé tábhachtach go bhfíoródh consalachtaí go mion an bhféadfaí a mheas iarratasóirí a bheith ina mbagairt ar bheartas poiblí, ar shlándáil inmheánach nó ar chaidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit.** Sa chás sin, ba cheart an víosa a dhiúltú. Ba cheart a fhíorú in SIS an duine é an t-iarratasóir a bhfuil foláireamh eisithe ina leith chun cead dul isteach a dhiúltú dó. Más féidir agus i gcás ina bhfuil amhras ann, moltar do chonsalachtaí a bheith an-airdeallach, mar shampla trí bhunachair sonraí náisiúnta agus Interpol a cheadú mar aon le SIS, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta gach Ballstáit. Thairis sin, ba cheart do chonsalachtaí cuimhneamh air nach mór do roinnt Ballstát dul i gcomhairle lena n-údaráis lárnacha agus gach iarratas a thaisceann saoránaigh de Chónaidhm na Rúise á scrúdú, i gcomhréir le hAirteagal 22 den Chód Víosáí.
27. Ba cheart do chonsalachtaí **cúram ar leith a dhéanamh i ndáil le catagóirí áirithe d'iarratasóirí Rúiseacha** dá dtagraítear i bpointe 24(v) agus i bpointe 26 agus scrúdú á dhéanamh ar iarratas ar víosa Schengen, ar catagóirí iad a meastar ina leith gur ard an dóchúlacht go bhféadfaidh riosca a bheith ann, cé gur cheart na cinní a bhunú ar mheasúnú indibhidiúil.
28. D'fhéadfaidh na Ballstáit a mheas go háirithe, i gcás catagóirí áirithe d'iarratasóirí Rúiseacha, go bhfuil sé an-dóchúil **go bhféadfaidís a bheith ina mbagairt ar chaidreamh idirnáisiúnta aon Bhallstáit.** Ba cheart do na Ballstáit scrúdú a dhéanamh an bhféadfaidh iarratasóirí Rúiseacha ar víosaí, iarratasóirí arb í an turasóireacht an cuspóir atá sonraithe acu, an bhféadaidís a bheith nasctha leis an réimeas nó ag tacú leis ar shlí eile agus, dá bhrí sin, a bheith ina mbaol méadaithe ó thaobh bolscaireacht a chur chun cinn ar son an chogaidh agus/nó brústocaireacht a dhéanamh ar son rialtas na Rúise.

<sup>10</sup> Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014); Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lgh 6–15).

<sup>11</sup> Cinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine. (IO L 410I, 7.12.2020, lgh. 13–19); Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine. (IO L 410I, 7.12.2020, lch. 1).

<sup>12</sup> <https://www.sanctionsmap.eu>; <https://data.europa.eu/data/datasets/consolidated-list-of-persons-groups-and-entities-subject-to-eu-financial-sanctions?locale=en>

29. D'fhéadfadh na Ballstáit cur chuige fairsing a ghlacadh chun na tosca a chinneadh a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le duine aonair a shainathint **mar bhagairt a d'fhéadfadh a bheith ann**: d'fhéadfadh sé go gciallódh sé sin go praiticiúil, de bhun scrúdú ar an staid aonair sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, go bhféadfaí an víosa a dhiúltú de thoradh bagairt fhéideartha. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do shaoránaigh Rúiseacha atá ag éalú ó ord an tslógaidh mhíleata.
30. A mhéid a bhaineann le **saoránaigh Rúiseacha atá ag taisteal le haghaidh turasóireachta**, tá call le cur chuige an-dian toisc gur deacra údar an turais a mheas, i gcomparáid le cuspóirí eile (turas gnó, cuairteanna teaghlaigh nó coinne leighis). Thairis sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh aon nasc ag an duine lena mbaineann le duine atá i láthair ar chríoch na mBallstát (rud nach ionann i gcás cuairteanna teaghlaigh, turais ghnó, nó coinní leighis mar shampla). Ba cheart a fháil amach an bhfuil amhras réasúnach ann maidir le hiontaofacht na ráiteas a dhéanfaidh an t-iarratasóir nó an rún atá aige críoch na mBallstát a fhágáil sula rachaidh an víosa a bhfuil iarratas á dhéanamh uirthi in éag, agus sa chás sin diúltófar na hiarratais ar víosa i gcomhréir le hAirteagal 32(1)b den Chód Víosai<sup>13</sup>. Moltar do na Ballstáit **tréanmhalartú faisnéise a dhéanamh** i gcomhthéacs chomhar áitiúil Schengen chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú, a mhéid is féidir agus i gcomhréir le hAirteagal 48(1) den Chód Víosai, maidir le hiarratais ar víosaí arna gcur isteach sa Rúis a scrúdú.
31. Tá feidhm fós ag na rialacha a leagtar amach i dTreoir 2004/38/CE<sup>14</sup> maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ag baill dá dteaghlaigh gluaiseacht faoi shaoirse agus cónaí ar chríoch na mBallstát<sup>15</sup>.
32. Ní mór a mheabhrú go bhfuil forálacha maolúcháin sa Chód Víosai lena gceadaítear **víosa a eisiúint ar chúiseanna daonchairdiúla, ar chúiseanna leasa náisiúnta nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta**. Féadfar méid na táille ar víosaí a mhuirearófar a tharscaoileadh nó a laghdú, i gcomhréir le hAirteagal 16(6) den Chód Víosai, nuair a fhónann sé é sin a dhéanamh chun leasanna cultúrtha nó spóirt, leasanna i réimse an bheartais eachtraigh, an bheartais forbartha agus i réimsí eile a bhfuil leas poiblí ríthábhachtach ag gabháil leo a chur chun cinn, nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta. D'fhéadfaí brath ar na forálacha sin **chun taisteal iriseoirí neamhspleách, esaontach, daltaí, mac léinn agus taighdeoirí a éascú** toisc go mbeidh ar na catagóirí taistealaithe sin táille víosa EUR 80 a íoc anois seachas EUR 35 – ach amháin má dhéantar an táille a tharscaoileadh nó a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 16(2), (4) nó (5) den Chód Víosai. Faoi Airteagal 19(4), ceadáitear a mheas gur inghlactha iarratais nach gcomhlíonann na ceanglais agus, faoi Airteagal 25(1) den Chód Víosai, ceadáitear víosaí a bhfuil bailíocht chríochach theoranta acu a eisiúint d'ainneoin nach gcomhlíontar na coinníollacha iontrála. Tá tábhachta ar leith ag baint leis, mar shampla, i gcás iarratais ar víosaí **ó esaontaigh, ó iriseoirí neamhspleácha, ó chosantóirí chearta an duine agus ó ionadaithe eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta agus a gcuid gar-bhaill teaghlaigh**, nach bhfuil faoi rialú Rialtas Chónaidhm na Rúise mar aon le gar-bhaill teaghlaigh na ndaoine sin.

<sup>13</sup> Tabharfar fógra don iarratasóir faoi chinneadh maidir leis an diúltú agus faoi na cúiseanna ar a mbeidh sé bunaithe trí bhíthin na foirme caighdeánaí a leagtar amach in Iarscríbhinn VI i dteanga an Bhallstáit a rinne an cinneadh deiridh maidir leis an iarratas agus i dteanga oifigiúil eile de chuid institiúidí an Aontais. Beidh ceart achomhairc ag na hiarratasóirí a ndiúltófar víosa dóibh.

<sup>14</sup> Treoir 2004/38/CE an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ag baill dá dteaghlaigh gluaiseacht faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

<sup>15</sup> Go háirithe, measfar gur srian ar an tsaorghluaiseacht é víosa a dhiúltú do thairbhí saorghluaiseachta. Dá bhri sin, ní mór an diúltú sin a bheith i gcomhréir le ceanglais Chaibidil VI de Threoir 2004/38/CE, go háirithe na coimircí nós imeachta a leagtar amach sa Chaibidil sin.

33. Níor cheart do na Ballstáit na maoluithe sin a chur i bhfeidhm ach amháin tar éis measúnú críochnúil a dhéanamh. Dá bhrí sin, is faoi na Ballstáit atá sé, ar bhonn scrúdú aonair, a mheas an féidir le hiarratais ó shaoránaigh Rúiseacha cáiliú mar iarratais a thagann faoin gcatagóir ‘forais dhaonchairdiúla’. Níl aon tacar uathúil doiciméad ann a chruthódh go gcáileodh duine do víosa ar fhorais dhaonchairdiúla, toisc go bhfuil difríochtaí rómhór idir imthosca aonair agus go bhfuil gá le measúnú cás ar chás.
34. Tá feidhm fós ag na rialacha a leagtar amach i dTreoir 2004/38/CE<sup>16</sup> maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ag baill dá dteaghlaigh gluaiseacht faoi shaoirse agus cónaí ar chríoch na mBallstát<sup>17</sup>.

**d) Víosáí bailí atá ina seilbh ag saoránaigh Rúiseacha a chúlghairm agus a neamhniú**

35. Leagtar síos le hAirteagal 34 den Chód Víosáí na rialacha maidir le víosaí a neamhniú agus a chúlghairm. Is féidir an víosa a neamhniú má thagann sé chun solais nár comhlíonadh na coinníollacha faoinar eisíodh an víosa an tráth sin (e.g. má shuítear go bhfuarthas an víosa ar bhealach calaoiseach), agus is féidir an víosa a chúlghairm má thagann sé chun solais nach bhfuil na coinníollacha faoinar eisíodh í á gcomhlíonadh a thuilleadh. Mar shampla, ní mór víosa a chúlghairm ag an teorainn má tháinig do shealbhóir na víosa a bheith ina ábhar foláirimh i gCóras Faisnéise Schengen (CFS) maidir le diúltú cead isteach agus fanachta ó eisíodh an víosa.
36. I bhfianaise na n-imthosca reatha, ba cheart do na Ballstáit treoir a thabhairt do chonsalachtaí agus do ghardaí teorann grinnscrúdú níos géire a dhéanamh agus iad ag déanamh measúnú ar bhailíocht na víosaí a eisíodh cheana féin. Go háirithe i gcás víosaí atá fós bailí, moltar do na Ballstáit athmheasúnú a dhéanamh orthu ar bhonn aonair chun a fhíorú an bhfuil na coinníollacha maidir lena n-eisiúint fós bailí i bhfianaise na n-imthosca reatha, nó ar cheart, tar éis measúnú críochnúil, an víosa a chúlghairm. Ba cheart na gnéithe seo a leanas, i measc gnéithe eile, a mheas le linn an mheasúnaithe:
- Árachas liachta taistil: cé acu a bheadh nó nach mbeadh éileamh i gcoinne cuideachta árachais Rúiseach inghnóthaithe mar gheall ar na bearta sriantacha a d’fhorchuir an tAontas ar oibreoirí eacnamaíocha áirithe (féach mír 23(i) thuas maidir le hárachas liachta taistil:);
  - An rún críoch na mBallstát a fhágáil roimh dhul in éag na víosa: go háirithe maidir le saoránaigh Rúiseacha atá idir 18 mbliana agus 60 bliain d’aois a bhféadfaí iad a ghairm chun seirbhíse mar chúltacaithe agus a d’fhéadfadh iarracht a dhéanamh orduithe an tslógaidh mhíleata a sheachaint;
  - Saincheisteanna slándála: i bhfianaise na n-imthosca reatha agus, go háirithe, an tslógaidh mhíleata i gCónaidhm na Rúise, i gcás víosaí a eisíodh roimh an slógadh agus atá fós bailí, cé acu atá nó nach bhfuil na coinníollacha maidir lena n-eisiúint á gcomhlíonadh go fóill, i gcomhréir le hAirteagail 34(2) agus 21(3)(d) den Chód Víosáí. Sa chás ina bhfuil forais le neamhniú/cúlghairm, féadfaidh an garda teorann nó na consalachtaí an cinneadh sin a dhéanamh gan beann ar an mBallstát a d’eisigh an víosaí. Ba cheart don údarás an Ballstát a d’eisigh an víosa a chur ar an eolas dá réir mar aon leis an stampa comhfhreagrach a

<sup>16</sup>Treoir 2004/38/CE an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ag baill dá dteaghlaigh gluaiseacht faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

<sup>17</sup> Go háirithe, measfar gur srian ar an tsaorghluaiseacht é víosa a dhiúltú do thairbhí saorghluaiseachta. Dá bhrí sin, ní mór an diúltú sin a bheith i gcomhréir le ceanglais Chaibidil VI de Threoir 2004/38/CE, go háirithe na coimircí nós imeachta a leagtar amach sa Chaibidil sin.

ghreamú ar an ngreamán víosa agus an fhaisnéis faoin neamhniú/cúlghairm a chur isteach sa Chóras Faisnéise Víosaí i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán VIS.18 Beidh sé de cheart ag daoine ar cúlghaireadh a víosa achomharc a dhéanamh.

37. Glacadh bearta sriantacha<sup>19</sup> maidir le toirmeasc a chur ar shaoránaigh de Chónaidhm na Rúise dul isteach ar chríoch na mBallstát nó idirthuras a dhéanamh tríd na críocha sin. Sa chomhthéacs sin, tá foláirimh in CFS maidir leis na saoránaigh sin atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais, saoránaigh a bhfuil toirmeasc orthu dul isteach i Limistéar Schengen nó fanacht ann. Víosaí a eisíodh do na saoránaigh sin roimh theacht i bhfeidhm an toirmisc taistil agus atá fós bailí, ba cheart do na Ballstáit **na víosaí sin a chúlghairm** toisc nach bhfuil na coinníollacha maidir lena n-eisiúint á gcomhlíonadh a thuilleadh, i gcomhréir le hAirteagal 34(2) agus le hAirteagal 21(3)c den Chód Víosaí. Ní mór faisnéis faoi víosa a chúlghairtear a iontráil in VIS i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán VIS. Ba cheart fógra a thabhairt don sealbhóir víosa faoin gcúlghairm sin i gcomhréir le hAirteagal 34(6) den Chód Víosaí.
38. Ba cheart do na Ballstáit cur chuige dian a ghlacadh freisin i ndáil le **hathmheasúnú ar víosaí** a eisíodh cheana féin d'aon saoránach de Chónaidhm na Rúise, ar aon dul leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm agus iarratais nua ar víosaí arna gcur isteach ag saoránaigh de Chónaidhm na Rúise á meas: dá ndéanfaí grinnscrúdú ní ba dhoimhne ar náisiúnaigh Rúiseacha, bunaithe ar **athscrúdú ar an staid aonair sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, d'fhéadfadh sé go sainaitheofaí duine aonair mar bhagairt a d'fhéadfadh a bheith ann.** Má thagann sé chun solais nach bhfuil na coinníollacha faoina n-eisítear víosa á gcomhlíonadh a thuilleadh, ba cheart do na Ballstáit na víosaí a eisíodh do na saoránaigh sin agus atá fós bailí a chúlghairm, i gcomhréir le hAirteagal 34(2) agus Airteagal 21(1) den Chód Víosaí. Ní mór faisnéis faoi víosa a cúlghaireadh a iontráil sa Chóras Faisnéise Víosaí (VIS) i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán VIS. Ba cheart fógra a thabhairt don sealbhóir víosa faoin gcúlghairm sin i gcomhréir le hAirteagal 34(6) den Chód Víosaí. I bprionsabal, is iad údaráis inniúla an Bhallstáit a d'eisigh an víosa a dhéanfaidh í a chúlghairm. Féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit eile víosa a chúlghairm, agus sa chás sin cuirfear údaráis an Bhallstáit a d'eisigh an víosa ar an eolas faoin gcúlghairm sin. Mar shampla, ba cheart an víosa a chúlghairm ag an teorainn más rud é gur tháinig do shealbhóir na víosa a bheith ina ábhar foláirimh in SIS ón uair a eisíodh an víosa. Beidh sé de cheart ag daoine ar cúlghaireadh a víosa achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin.
39. Ina theannta sin, ní mór a mheabhrrú, i gcomhréir le hAirteagal 30 den Chód Víosaí, **nach mbronnann seilbh víosa ann féin ceart uathoibríoch chun dul isteach i limistéar Schengen.** Dá bhrí sin, tabhairt i láthair víosa bailí a eisíodh cheana féin do shaoránach de Chónaidhm na Rúise, níl aon tionchar aige sin ar an oibleagáid atá ar na Ballstáit seiceálacha cuimsitheacha teorann a dhéanamh d'fhonn comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le dul isteach a leagtar síos in Airteagal 6 de Chód Teorainneacha Schengen a fhíorú agus d'fhonn a áirithiú go ndiúltaítear an cead dul isteach i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha sin.

<sup>18</sup> Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS).

<sup>19</sup> Féach go háirithe: Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16) agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6).

**e) Comhaontuithe déthaobhacha maidir le tarscaoileadh víosaí atá i bhfeidhm le Cónaidhm na Rúise**

40. Leis an Rialachán maidir le Víosaí<sup>20</sup> leagtar síos liosta coiteann de thríú tíortha nach mór dá saoránaigh víosa a bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha an Aontais, mar aon le liosta de na tíortha a bhfuil a saoránaigh díolmhaithe ón gceanglas sin. Leagtar amach na liostaí sin in iarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán maidir le Víosaí.
41. Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 6(1), pointe (a) den Rialachán maidir le Víosaí go bhféadfaidh Ballstát ‘foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón gceanglas víosa [...] i gcás na ndaoine seo a leanas: (a) sealbhóirí pasanna taidhleoireachta, pasanna seirbhíse/oifigiúla nó pasanna speisialta.’ I gcomhréir le hAirteagal 12, ní mór do na Ballstáit na bearta a dhéanann siad de bhun Airteagal 6 den Rialachán maidir le Víosaí a chur in iúl, agus foilsíonn an Coimisiún na bearta sin ar mhaithe le faisnéis.
42. Ionas go mbeidh éifeacht leis an gCinneadh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a chur ar fionraí ina iomláine, ceanglaítear ar na Ballstáit cur i bhfeidhm comhaontuithe déthaobhacha maidir le tarscaoileadh víosaí le Cónaidhm na Rúise a chur ar fionraí freisin, ar comhaontuithe iad lena bhforáiltear maidir le taisteal gan víosa do shealbhóirí pasanna seirbhíse agus speisialta de chuid Chónaidhm na Rúise, agus ceanglaítear orthu tuairisciú don Choimisiún maidir leis na fionraithe sin.
43. Áiritheoidh na Ballstáit cur i bhfeidhm agus éifeachtacht bhearta sriantacha an Aontais fiú nuair a bheidh feidhm ag comhaontuithe déthaobhacha maidir le tarscaoileadh víosaí le Cónaidhm na Rúise.

**f) Cur chun feidhme agus faisnéis don phobal**

44. Is é is aidhm do na treoirlínte oibríochtúla sin cúnaimh a thabhairt do na Ballstáit agus iad ag déileáil le gach iarratas a dhéanann saoránaigh de Chónaidhm na Rúise a thaisceadh, gan beann ar a n-áit chónaithe.
45. Is faoi údaráis lárnacha na mBallstát a bheadh sé na treoirlínte sin a roinnt lena n-ionadaithe consalachta uile ar fud an domhain.
46. Is iad na Ballstáit a bheidh freagrach i gcónaí as an bpobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi fhionraí iomlán an Chomhaontaithe, (Airteagal 47(1) den Chód Víosaí).

**g) Obair leantach trí chomhar áitiúil Schengen**

47. I gcomhréir le hAirteagal 48(1) den Chód Víosaí, agus laistigh den chomhar áitiúil Schengen, déanfaidh Toscaireacht an Aontais malartuithe faisnéise a chomhordú agus a eagrú go rialta maidir le cur chun feidhme na dtreoirlínte sin agus déanfaidh sé faireachán ar cheart-chur i bhfeidhm na n-athruithe a eascraíonn as fionraí iomlán an Chomhaontaithe. Ba cheart tuarascálacha ar chruinnithe a bhaineann le cur chun feidhme na dtreoirlínte sin a roinnt le húdaráis víosaí lárnacha na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 48(5) den Chód Víosaí, mar aon lena roinnt leis an gCoimisiún.

---

<sup>20</sup> Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO L 303, 28.11.2018, lch. 39).

## II. Treoirínte maidir le rialuithe ar shaoránaigh Rúiseacha ag na teorainneacha seachtracha de bhun Chód Teorainneacha Schengen

48. Is faoi fhoireann údaráis an gharda teorann náisiúnta atá sé, agus iad ag fáil tacaíochta ó Bhuanchór Frontex i gcás inarb infheidhme, measúnú a dhéanamh ar na gnéithe uile a bhaineann le comhlíonadh na gcoinníollacha iontrála ar bhonn cás ar cás, agus rialuithe á ndéanamh acu ag na teorainneacha seachtracha, gan beann ar an áit ónar thaistil an saoránach Rúiseach atá ag iarraidh teorainn sheachtrach an Aontais a thrasnú.
49. De bhun Airteagal 8(3) de Chód Teorainneacha Schengen, ní mór do na gardaí teorann náisiúnaigh tríú tír atá ag gluaiseacht thar an teorainn ag na teorainneacha seachtracha a chur faoi réir seiceálacha críochnúla chun a fhíorú go gcomhlíonann na náisiúnaigh tríú tír na coinníollacha iontrála a leagtar síos in Airteagal 6(1) den Chód céanna. Go háirithe, i gcomhthéacs ionsaí neamhdhleathach Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin, tá sé rithabhachtach go ndéanann na gardaí teorann ag na pointí trasnaithe teorann uile measúnú, ar bhealach comhleanúnach, lena dhéanamh amach an bhfuil na coinníollacha iontrála á gcomhlíonadh ag saoránach Rúiseach atá ag trasnú teorainneacha seachtracha an Aontais isteach i limistéar Schengen, chun a sheachaint go dtabharfadh Ballstát amháin cead isteach d'iarratasóir ar dhiúltaigh Ballstát eile dó.
50. I gcás ina dtagann na gardaí teorann ar an gconclúid, tar éis measúnú aonair, nach gcomhlíonann an saoránach Rúiseach na coinníollacha iontrála uile, ba cheart diúltú dó dul isteach i limistéar Schengen i gcomhréir le hAirteagal 14 de Chód Teorainneacha Schengen.
51. De bhun Airteagal 6(1)(e) de Chód Teorainneacha Schengen, tá sé ar cheann de na coinníollacha iontrála do náisiúnaigh tríú tír nach meastar go bhféadfadh an duine **an beartas poiblí, an tslándáil inmheánach ná an caidreamh idirnáisiúnta in aon cheann de na Ballstáit a chur i mbaol**. I bhfianaise na staide geopholaitiúla atá ann faoi láthair, an tslógaidh mhíleata i gCónaidhm na Rúise agus thionchar na n-imeachtaí sin ar chobhsaíocht agus ar shlándáil an Aontais agus a Bhallstát, ba cheart do na húdaráis teorann grinnscrúdú dian aonair a dhéanamh ar an riosca slándála méadaithe a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtiocfadh saoránach de thír atá ag fearadh cogaidh san Eoraip isteach i limistéar Schengen. D'fhonn measúnú aonair den sórt sin a dhéanamh, ba cheart do ghardaí teorann go háirithe, agallamh críochnúil a chur ar shaoránach Rúiseach atá ag iarraidh dul isteach i limistéar Schengen. Chomh maith le seiceáil a dhéanamh ar bhonn sonraí an doiciméid taistil, ba cheart seiceáil chórasach a dhéanamh trí úsáid a bhaint as méarloirg i gCóras Faisnéise Schengen chun foláirimh a bhrath freisin maidir le daoine a úsáideann céannachtaí bréagacha nó anaithnide.
52. Sa chomhthéacs sin, agus aird á thabhairt ar an gcomhthéacs geopholaitiúil, ba cheart do ghardaí teorann a chur san áireamh freisin an bhféadfaí díobháil thromchúiseach a dhéanamh do chaidreamh idirnáisiúnta Ballstáit amháin nó níos mó má thugtar cead do shaoránach Rúiseach dul isteach i limistéar Schengen tráth a bhfuil a thír thionscnaimh ag gabháil d'ionsaí míleata neamhdhleathach ar thír is iarrthóir ar an Aontas. I bhfianaise an ualaigh oibre bhreise a thiofadh as an ngrinnscrúdú treisithe sin, moltar do na Ballstáit baill foirne bhreise a aistriú chuig fórsa na ngardaí teorann atá lonnaithe ag na teorainneacha seachtracha lena mbaineann.
53. Mar sin féin, níor cheart, mar thoradh ar an ngrinnscrúdú méadaithe, cead isteach a dhiúltú do dhaoine a bhfuil leas dlisteanach acu Cónaidhm na Rúise a fhágáil agus dul isteach i limistéar Schengen. Go háirithe, ba cheart d'údaráis gharda teorann na mBallstát aird ar leith a thabhairt ar shaoránaigh Rúiseacha ar cosantóirí chearta an duine, easaontaigh nó iriseoirí neamhspleácha iad agus a thagann chuig pointe trasnaithe ag na teorainneacha seachtracha. Moltar d'údaráis an gharda teorann measúnú a dhéanamh ar iarrataí ar dhul isteach ó na daoine sin i bhfianaise Airteagal 6(5)(c) de Chód Teorainneacha Schengen freisin, faoina dtugtar an fhéidearthacht

náisiúnaigh tríú tír a údarú le dul isteach ar fhorais dhaonchairdiúla, fiú i gcás nach gcomhlíonann na náisiúnaigh tríú tír sin ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6(1). Ba cheart feidhm a bheith ag an méid céanna maidir le saoránaigh Úcránacha ar forchuireadh náisiúntacht na Rúise orthu tar éis fhorghabháil a réigiúin, i gcás inar féidir leo cruthúnas a thabhairt i leith a saoránachta Úcránaí.

54. Má dhiúltaítear cead isteach do shaoránach Rúiseach ar an bhforas go meastar gur bagairt é ar bheartas poiblí nó ar shlándáil inmheánach na mBallstát, d'fhéadfaí an Ballstát a d'eisigh an diúltú féachaint freisin, ar bhonn measúnú aonair ar leith, ar chinneadh a ghlacadh faoin dlí náisiúnta maidir le dul isteach agus fanacht a thoirmeasc agus foláireamh a chur isteach chun na críche sin i gCóras Faisnéise Schengen i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán SIS II. Ba cheart fad an toirmisc ar dhul isteach a ghlactar faoin dlí náisiúnta a bheith i gcomhréir le méid na bagartha. Má chuirtear an foláireamh in SIS, cuirfear cosc ar an duine a mheastar a bheith ina bhagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach dul isteach i limistéar Schengen trí phointe trasnaithe teorann eile de chuid an Bhallstáit chéanna nó de chuid Ballstáit eile. Ní mór tacar sonraí beathaisnéiseach iomlán an duine, mar aon le méarloirg agus grianghraif an duine a chur isteach sa foláireamh.

### **Dlíteanas na nIompróirí**

55. Faoi Airteagal 26 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Treoir 2001/51,<sup>21</sup> tá sé d'oibleagáid ar na hiompróirí (i.e. aon duine nádúrtha nó dlítheanach arb é a ghairm iompar paisinéirí a sholáthar d'aer, ar muir nó ar tír) freagracht a ghlacadh láithreach as náisiúnaigh tríú tír a ndiúltaítear cead isteach ar chríoch ceann na Ballstáit dóibh nuair is iad na hiompróirí sin a thug na náisiúnaigh tríú tír chuig an teorainn sheachtrach. Sa bhreis air sin, na hiompróirí a thugann taistealaithe d'aer nó ar muir nó thar tír i gcóiste, tá sé d'oibleagáid orthu na bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil na doiciméid taistil is gá chun dul isteach ar chríocha an Bhallstáit ina sheilbh ag an náisiúnach tríú tír, rud atá faoi réir fíneálacha féideartha i gcás nach leor an fíorú a rinneadh ar na doiciméid sin.
56. Tá sé tábhacht dá bhrí sin go mbíonn iompróirí ar an airdeall i gcónaí agus iad ag fíorú gurb ann do na doiciméid taistil is gá chun dul isteach. Moltar do na Ballstáit tacaíocht phraiticiúil a thabhairt do na hiompróirí ina leith sin, d'fhonn teorainn a chur le líon na saoránach Rúiseach a thagann isteach gan na doiciméid taistil sin.

---

<sup>21</sup> Airteagal 26 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus (IO L 239, 22.9.2000, lch. 1) agus Treoir 2001/51/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 lena bhforlíontar forálacha Airteagal 26 den Choinbhinsiún lena bhforlíontar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 (IO L 187, 10.7.2001, lch. 45).

57. I gcás ina gcúlghairfear víosa bhailí agus ina ndiúltófar cead isteach don taistealaí ar an gcúis sin nó, d'ainneoin gur bhailí fós an víosa a thaispeáin an taistealaí agus é ag dul ar bord, go gcúlghairfear í mar gheall ar mheasúnú foriomlán ar na coinníollacha iontrála, beidh na hiompróirí fós faoi dhliteanas an duine sin a fhilleadh ar an áit ónar iompraíodh é, nó ar an tír a d'eisigh an doiciméad taistil, nó ar thríú tír eile.

---

**CÓIP DHEIMHNITHE**  
Thar ceann an Ard-Rúnaí

**Martine DEPREZ**  
Stiúrthóir  
Cinnteoireacht agus Coláisteacht  
An Coimisiún Eorpach